

Prótacal chun Sonraí a Iarraidh

Suirbhé dífheistithe

Cúlra

Bunaíodh Fóram ar phátrúnacht agus iolrachas in earnáil na mBunscoileanna i Márta 2011 chun éascú a dhéanamh ar phróiseas struchtúrtha comhairliúcháin agus chun comhairle a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le conas is féidir leis an gcóras bunoidreachais réimse bunscoileanna a sholáthar a bheith sách éagsúil agus faoi conas a d'fhéadfadh na bunscoileanna go léir a bheith níos cuimsithí. Foilsíodh tuarascáil Ghrúpa Comhairleach an Fhórait i mí Aibreáin 2012 agus rinne an tAire cur síos ar a phlean gníomhaíochta mar fhreagra ar an tuarascáil i mí an Mheithimh 2012.

Próiseas an tSuirbhé

Mar chuid dá fhreagra foriomlán ar mholtaí an Ghrúpa Chomhairligh, tá tús curtha ag an Aire le próiseas nua chun breathnú ar an gcaoi a bhfeadfaí roinnt scoileanna atá á reáchtáil ag an Eaglais Chaitliceach a aistriú chuig comhlachtaí eile pátrúnachta i 44 ceantar¹ ar fud na tíre. Cuireadh an próiseas seo i bhfeidhm ar bhonn píolótach ar dtús sna ceantair seo a leanas: An tInbhear Mór, Caisleán an Bharraigh, Fionnbhrú (lena n-áirítear An Choill Mhór Thiar agus Beaumont), Baile Átha Troim agus an Trá Mhór. Táthar ag déanamh suirbhéanna sna 44 ceantar eile faoi láthair.

Is éard a tharlóidh sa chéad chéim eile den phróiseas seo ná go n-iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí go léir sna ceantair sin, a bhfuil leanaí idir 0 go 12 bliain d'aois, acu a insint dúinn cén cineál scoile ar mhaith leo go mbeadh a gcuid leanaí ag freastal uirthi. Is éard atá i gceist ná a fháil amach cé mhéid éilimh atá i measc tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le rogha níos leithne a bheith acu ó thaobh cineálacha scoile sna ceantair sin a bhfuil rogha teoranta iontu faoi láthair. Úsáidfear freagraí na dtuismitheoirí/caomhnóirí le féachaint cad iad na hathruithe atá riachtanach, más gá aon athrú a dhéanamh, chun go mbeidh rogha níos leithne ann ó thaobh bunscoileanna sna ceantair sin.

Foilseoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuarascálacha mionsonraithe faoi thorthaí na suirbhéanna. Déanfar é sin ar bhealach a léireoidh meas iomlán ar rúndacht agus ar chearta ó thaobh cosaint sonraí de gach duine a thabharfaidh freagra.

Cuirfidh torthaí an tsuirbhé ar ár gcumas a fháil amach cad é leibhéal an éilimh i measc tuismitheoirí maidir le héagsúlacht níos leithne a bheith ann ó thaobh rogha scoileanna de sna ceantair roghnaithe. Má aithnítear go bhfuil

¹ Tabhair faoi deara le do thoil gur baineadh baile Chill Dara ón liosta bunaidh de cheantair a rabhthas chun suirbhé a dhéanamh orthu tar éis dul i gcomhairle leis na comhlachtaí pátrúnachta.

éileamh den sórt sin ann, pléifear na roghanna i gcomhpháirtíocht leis na pátrúin agus leis na pobail scoile lena mbaineann maidir leis an gcaoi a d'fhéadfaí úinéireacht roinnt scoileanna a aistriú.

An chúis atá le bailiú Sonraí Pearsanta

Is é cuspóir na suirbhéanna dífheistithe ná tuairimí na dtuismitheoirí áitiúla a fháil faoin ngá atá le breis cineálacha scoile sna ceantair aitheanta. Má tá éileamh suntasach le haghaidh cineálacha breise scoile i gceantar, déanfar scrúdú ansin le fáil amach conas is féidir freastal ar an éileamh sin. D'fhéadfadh sé go n-aistreofaí scoil amháin nó níos mó i gceantar áirithe ó fhoirm amháin pátrúnachta go ceann eile chun an t-éileamh áitiúil a cuireadh in iúl a shásamh.

Ós rud é go bhfuil áit thábhachtach ag scoileanna ina bpobail áitiúla, tá sé ríthábhachtach nuair a dhéanfar aon scrúdú ar na roghanna faoi cad atá i ndán do na scoileanna i gceantar go mbeidh sé sin bunaithe ar léiriú cruinn ar thuairimí tuismitheoirí nó caomhnóirí an cheantair sin.

Braitheann soláthar scoileanna ar líon na ndaltaí in aon cheantar a fhreastalóidh ar chineál áirithe scoile. Is gá cás a sheachaint ina ndéanfar athruithe nach dtabharfaidh muintir an cheantair tacaíocht dóibh agus a d'fhágfadh áiteanna folmha i scoil áirithe dá mbarr agus an iomarca brú ar scoileanna eile.

Tá sé tábhachtach mar sin don Roinn a bheith in ann gach suirbhé a sheoltar ar ais a bhailíochtú lena dheimhniú go bhfuil gach duine a thug freagra ina chónaí sa cheantar ina bhfuil an suirbhé á dhéanamh nó in aice leis agus go bhfuil leanaí acu a d'fhéadfadh freastal ar cheann de na scoileanna sa cheantar.

Ar an ábhar sin iarrtar ar gach freagróir roinnt sonraí pearsanta a sholáthar, lena n-áirítear ainm, seoladh, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus líon na leanaí agus dáta breithe na leanaí sin. Déanfaimid na sonraí a bhaileofar sa suirbhé seo a mheaitseáil go leictreonach i gcoinne na sonraí ábhartha atá ag Ranna Rialtais eile d'fhonn a fhíorú go bhfuil na freagróirí ina gcónaí sa cheantar sin nó in aice leis agus go bhfuil leanaí acu a d'fhéadfadh a bheith ag freastal ar cheann de na scoileanna sa cheantar.

Agus an mheaitseáil sin á dhéanamh againn beidh aird againn ar ár bhfreagrachtaí chun cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

Coimeád sonraí

Chomh luath agus a bheidh anailís déanta ar na sonraí agus nuair a bheidh tuarascáil foilsithe faoi cheantar ar leith bainfear na tréithe pearsanta amach, ceantar beag ar cheantar beag, faoi mar atá sainmhínithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, agus scríosfar sonraí pearsanta ar nós ainm agus uimhir PSP ón mbunachar sonraí. Pléifear le gach faisnéis a bhaileofar sa suirbhé mar rud atá fíor-rúnda. Cuirfear caighdeáin slándála i bhfeidhm chun rochtain

neamhúdaraíthe a chosc, agus beidh sé faoi réir an Achta um Chosaint Sonraí.

Bonn Reachtúil le hlarratais

Is faoin Aire Oideachais agus Scileanna é pleanáil a dhéanamh don soláthar oideachais i scoileanna aitheanta.

Is comhlacht sonraithe faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 í an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tá cead aici de réir na reachtaíochta sin, uimhir PSP a úsáid.

Forálann Alt 262(4) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005:

“ (4) Tabharfaidh duine do chomhlacht sonraithe a uimhir phearsanta seirbhíse poiblí agus uimhreacha phearsanta seirbhíse poiblí a chéile nó a céile agus a leanaí, más ábhartha, mar a éilíonn an comhlacht chun críocha idirbhirt an duine sin.”

Achoimre ar Nósanna Imeachta Maidir le hlarratais ar Fhaisnéis Phearsanta ó Dhaoine Iomchuí

1. Déanfar faisnéis a sholáthraíonn duine iomchuí don Roinn Oideachais agus Scileanna a tharchur trí mheán sábháilte agus déanfar í a stóráil ar bhealach slán.
2. Cloífidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na treoirínte agus leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.
3. Beidh rochtain ar shonraí teoranta do na daoine sin san Roinn Oideachais agus Scileanna atá ag obair go díreach ar phróiseas an tsuirbhé.
4. Ní choinneofar aon sonraí a gheofar agus déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna iad a bhaint amach nó a scriosadh go pras ar bhealach slán chomh luath is a bheidh anailís déanta ar na sonraí agus chomh luath is a fhoilsítear an tuarascáil ar an gceantar aonair.
5. Ní nochtfaidh, ní roinnfidh agus ní chuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aon sonraí a fuair sí ar fáil mar fhreagra ar iarratas ó Roinn Rialtais, ó chomhlacht poiblí ná ó ghníomhaireacht chuig aon chomhlacht poiblí ná tríú páirtí eile.